Ionad na dTeangacha
Ollscoil na hÉireann, Má Nuad

Teastas Eorpach na Gaeilge

Treoir do Scrúdú Bhonnleibhéal 2 (A2)

IONAD NA DTEANGACHA
Language Centre

teg
teastaseorpach na gaeilge

OLLSCOIL NA hÉIREANN MÁ NUAD

Treoir do Scrúdú A2 (Bonnleibhéal 2)

- Cé go mbeidh an scrúdú seo bunaithe ar na hábhair atá leagtha amach sa siollabas, ní gá go gcloífear le hord ná le leagan amach na n-ábhar sin. Mar shampla, bheifí ag súil leis go mbeadh iarrthóirí in ann stór focal nó pointí gramadaí a d'fhoghlaim siad faoi thopaic amháin a úsáid i gcomhthéacsanna eile.
- Glacaimid leis go mbeidh daoine a bhfuil teangacha éagsúla mar mháthairtheanga acu ag déanamh na scrúduithe seo agus, mar sin, cinneadh ar threoracha na gceisteanna a scríobh i nGaeilge. Ba chóir go gcuirfí na foghlaimeoirí ar an eolas sa rang maidir leis na cineálacha éagsúla ceisteanna atá leagtha amach sna scrúduithe samplacha seo.
- Níl cead ag iarrthóirí aon fhoclóir a bheith acu le linn an scrúdaithe.
- Cuirfear oiliúint chuimsitheach ar scrúdaitheoirí a bheidh i mbun riar agus cheartú an scrúdaithe seo.
- Seo a leanas an grádú a dhéanfar ar na marcanna i scrúdú A2 (Bonnleibhéal 2):

50 – 64%	Pas
65 – 79%	Pas le tuillteanas (*Merit)*
80– 100%	Pas le gradam (*Distinction*)

- Léiríonn an tábla thíos dáileadh na marcanna sa scrúdú seo:

Bonnleibhéal 2
• Labhairt 35% • Cluastuiscint 25% • Léamhthuiscint 25% • Scríbhneoireacht 15%

- Cuirfear an marc iomlán a ghnóthaigh an t-iarrthóir ar fáil, mar aon le briseadh síos ar na marcanna a ghnóthaigh an t-iarrthóir sna rannóga éagsúla.

An scrúdú cluastuisceana

- Ceithre cheist ar fad atá sa rannóg seo.
- Is i nGaeilge amháin a bheidh an t-ábhar a bheidh le cloisteáil ar an dlúthdhiosca.
- Beidh cúig nóiméad ag iarrthóirí leis an scrúdú a léamh sula gcuirfear an taifeadadh ar siúl.
- Cloisfear gach téacs cluastuisceana faoi dhó. Beidh am ag iarrthóirí idir gach ceist chun a gcuid freagraí a sheiceáil. Beidh breis ama acu ag deireadh ar fad chun a gcuid freagraí a sheiceáil.
- Mairfidh an chuid seo den scrúdú timpeall 25 nóiméad.
- Bainfear úsáid as cainteoirí maithe a bhfuil guth soiléir acu. Beidh na trí mhórchanúint in úsáid, ach ní bhainfear úsáid as cainteoirí a bhfuil blas réigiúnach an-láidir ar a gcuid cainte.
- Bainfear úsáid as ábhar atá bunaithe ar ábhar dílis sa chuid seo den scrúdú. Is é atá i gceist leis sin ná go mbeidh an t-ábhar bunaithe ar ábhar atá le cloisteáil sa saol laethúil, mar shampla fógraí ar RTÉ Raidió na Gaeltachta, comhráite agus araile.
- Nuair a bhíonn gá le freagra scríofa (focal nó frása) ní mór do fhreagraí na n-iarrthóirí bheith i nGaeilge. Nuair a bhíonn an freagra ag brath ar iarrthóirí focal nó frása a scríobh síos, glacfar leis ag na leibhéil seo nach mbeidh an litriú iomlán ceart i gcónaí. Mar sin, glacfar leis an litriú más féidir a aithint cad é atá ann, mar shampla '*diardain*' in ionad '*Déardaoin*'. Má tharlaíonn sé go ndéantar ainm duine nó focal faoi leith a litriú amach ar an taifeadadh beifear ag súil leis, sa chás sin, go mbeidh an litriú i gceart ag iarrthóirí ag an dá leibhéal. Más uimhir í an freagra atá ag teastáil, mar shampla, dáta nó uimhir ghutháin, is leor an freagra a scríobh mar uimhir agus ní mar fhocail.
- Tabharfar treoracha cinnte faoi gach ceist sa scéim mharcála a chuirfear ar fáil do na scrúdaitheoirí gach bliain.
- Seo thíos cuid de na cineálacha téacsanna agus tascanna a mbainfear úsáid astu sa rannóg éisteachta. Beidh meascán de na téacsanna agus de na ceisteanna seo le fáil i scrúdú *Bonnleibhéal 2.*

Bonnleibhéal 2 **Cluastuiscint**	
Cineálacha téacsanna	***Cineálacha tascanna***
- comhráite - agallaimh - fógraí - teachtaireachtaí teileafóin - píosaí cainte - réamhaisnéisí aimsire - míreanna nuachta - treoracha	- eolas/figiúirí le scríobh i ngreille - meaitseáil - *cloze* - *cloze* ilroghnach - ceisteanna ilroghnacha - ceisteanna oscailte - fíor, bréagach, ní deirtear

An scrúdú léamhthuisceana

- Tá 6 cheist sa rannóg seo i scrúdú *Bonnleibhéal 2***.**
- Sa rannóg seo, beifear ag súil go mbainfidh na hiarrthóirí úsáid as na hacmhainní teoranta atá acu ó thaobh stór focal agus struchtúr de chun na príomhtheachtaireachtaí agus roinnt sonraí a thuiscint i réimse téacsanna.
- Beidh dúshláin éagsúla le sárú ag na hiarrthóirí sna ceisteanna éagsúla. I gcásanna áirithe, ní bheidh le déanamh acu ach éirim an téacs a thabhairt leo. I gcásanna eile, beidh orthu an téacs a léamh go cúramach le botúin a aimsiú nó bearnaí a líonadh. Seans go dtiocfaidh siad ar fhocail nach bhfuil le fáil sa siollabas. Ina leithéid sin de chás, ba chóir go mbeidís in ann straitéisí oiriúnacha a úsáid chun brí na bhfocal a thomhas nó cinneadh a dhéanamh nach bhfuil a leithéid d'fhocail riachtanach chun brí fhoriomlán an phíosa a thuiscint.
- Sna téacsanna seo beidh an bhéim ar fhíricí agus ar thuairimí.
- Seo thíos cuid de na cineálacha téacsanna agus tascanna a mbainfear úsáid astu sa rannóg léamhthuisceana:

Bonnleibhéal 2 **Léamhthuiscint**	
Cineálacha téacsanna	***Cineálacha tascanna***
- litreacha - foirmeacha - CVanna - teachtaireachtaí ríomhphoist - beathaisnéisí cumtha simplí - nótaí - cártaí poist - bileoga eolais - léirmheasanna	- ceisteanna ilroghnacha - meaitseáil - *cloze* - *cloze* ilroghnach - ceisteanna oscailte - líon na bearnaí - abairtí le cur in ord - fíor, bréagach, ní deirtear

An scrúdú scríbhneoireachta

- Beifear ag súil go mbeidh iarrthóirí in ann abairtí/frásaí an-simplí a scríobh ag an leibhéal seo. Bainfidh na hábhair leis an teaghlach, caitheamh aimsire, laethanta saoire agus ábhair eile a bhaineann go dlúth le saol na n-iarrthóirí.
- Cuirfear córas cuimsitheach marcála ar fáil do na scrúdaitheoirí.
- Trí cheist atá sa rannóg scríbhneoireachta sa scrúdú seo:

Bonnleibhéal 2 **Scríbhneoireacht**	
Ceist	**Cineál tascanna**
1	***Píosa le scríobh.*** Beidh sé seo bunaithe ar shraith pictiúr. Sa chéad phearsa a bheidh an cur síos le scríobh. Beifear ag súil le habairtí an-simplí atá cruinn ó thaobh na gramadaí agus an litrithe de.
2	***Píosa le scríobh.*** Cárta poist/nóta/litir/ríomhphost/iontráil i ndialann le scríobh, bunaithe ar eolas a bheas tugtha. Beifear ag súil le habairtí an-simplí atá cruinn ó thaobh na gramadaí agus an litrithe de.
3	***Téacs ina bhfuil bearnaí*** Díríonn sé seo ar struchtúir ghramadaí agus ar stór focal. Ní bhíonn ar iarrthóirí aon fhocal a chur ar fáil seachas focail a bheadh in úsáid ag foghlaimeoirí ag an leibhéal seo. Tá sé riachtanach go ndéanfar na focail atá le soláthar a litriú go cruinn.

An scrúdú cainte

- Iarrthóir amháin a bheidh faoi scrúdú ag aon am ar leith. Beidh beirt scrúdaitheoirí i mbun an scrúdaithe. Beidh duine de na scrúdaitheoirí i mbun measúnachta ar feadh thréimhse an scrúdaithe agus ní bheidh sé/sí páirteach sa chomhrá. Beidh an duine eile ag meas chumas an iarrthóra chomh maith, ach cuirfidh seisean/sise ceisteanna ar an iarrthóir agus déanfaidh sé/sí na tascanna a bheas le déanamh ag an iarrthóir a riar.
- Seo iad na gnéithe den teanga a dhéanfar a mheas sa scrúdú cainte ag Bonnleibhéal 2: gramadach, stór focal, foghraíocht, líofacht agus cumas cumarsáide. Tá dhá rud i gceist le cumas cumarsáide. (1) An féidir leis na hiarrthóirí a chruthú go siad in ann déileáil le bun-chomhrá go réasúnta éifeachtach in ainneoin a stór focal a bheith an-teoranta m.sh. soiléiriú a lorg nó iarraidh ar dhuine rud a rá an dara huair, a rá go bhfuil rud éigin ann nach dtuigeann siad srl. (2) Déantar tástáil ar inniúlacht bhunúsach shochtheangeolaíoch chomh maith. Ba chóir go mbeadh na hiarrthóirí in ann frásaí simplí a úsáid chun bunteagmháil shóisialta a dhéanamh m.sh. beannú do dhuine, slán a fhágáil, cead a iarraidh, buíochas a thabhairt, leithscéal a ghabháil srl.
- Cuirfear treoir chinnte agus oiliúint chuimsitheach maidir le measúnú ar fáil dóibh siúd a bheidh i mbun na scrúduithe cainte.
- Is mar seo a leanas an leagan amach a bheidh ar an rannóg seo i mBonnleibhéal 2.

Bonnleibhéal 2 **Labhairt**		
	Cineál tascanna	**Am**
Cuid 1	***Réamhchaint*** Cuirfidh an scrúdaitheoir ceisteanna simplí ar an iarrthóir sula dtosóidh an scrúdú le é/í a chur ar a s(h)uaimhneas, mar shampla, *'Cad is ainm duit?'*, *'An bhfuil tú go maith?'* ***Ceisteanna ginearálta*** Cuirfidh an scrúdaitheoir ceisteanna éagsúla ar an iarrthóir ansin. Fíricí ag baint le saol an iarrthóra a bheas i gceist ag an phointe seo: a c(h)úlra, an obair a dhéanann sé/sí, an líon deartháireacha agus deirfiúracha atá aige/aici, caitheamh aimsire, a s(h)aol laethúil, na rudaí a thaitníonn agus nach dtaitníonn leis/léi, etc.	4- 5 nóiméad

Cuid 2	***Rólghníomhaíocht*** Sa dara cuid den scrúdú, glacfaidh an scrúdaitheoir agus an t-iarrthóir páirt i rólghníomhaíocht. Tabharfar cárta rólghníomhaíochta don iarrthóir 5 nóiméad roimh thús an scrúdaithe. Le linn an taisc seo, beidh deis ag an iarrthóir ceisteanna a chur agus ceisteanna a fhreagairt. Beidh an bhéim sa chuid seo den scrúdú ar theanga laethúil nach mbaineann go dlúth le saol an iarrthóra – ag lorg agus ag tabhairt eolais faoi amanna oscailte siopaí, mar shampla, ag glacadh le nó ag diúltú do chuireadh, etc.	2- 3 nóiméad
Cuid 3	***Cur síos ar shraith pictiúr*** Tabharfar bileog ar a bhfuil sraith pictiúr do gach iarrthóir. Beidh nóiméad amháin ag na hiarrthóirí le breathnú ar na pictiúr sula ndéanann siad cur síos don scrúdaitheoir ar a bhfuil le feiceáil sna pictiúir. Ní chuirfidh an scrúdaitheoir isteach ar cuid cainte an iarrthóra ach amháin má bhíonn deacrachtaí acu. Sa chás sin cuirfidh an scrúdaitheoir ceist nó dhó ar an iarrthóir faoi na pictiúir chun cabhrú leo dul ar aghaidh leis an chur síos.	2- 3 nóiméad